



FAISNÉIS ÚSÁIDEACH DO PHAISINÉIRÍ LIMISÍN

TÁ TÚ I DTEIDEAL:

- › An táille a chomhaontú roimh ré;
- › Admháil a fháil ag deireadh an turais;
- › Feithicil ghlan agus turas ciúin;
- › Madra treorach nó madra cuidithe a thabhairt ar bord; agus
- › Cabhair réasúnach le málaí taistil.



TÁ OIBLEAGÁID ORT:

- › An táille chomhaontaithe a íoc;
- › Iompar ar bhealach múinte béasach;
- › Bheith cúramach gan damáiste a dhéanamh don fheithicil nó d'aon chomhartha nó fógra; agus
- › Cloí le haon iarraidh réasúnach ón tiománaí.

TIOMÁNAÍ CEADÚNAITHE A AITHINT

Tá an Cárta Aitheantais Tiománaí ar taispeáint ar an deais. Léiríonn an cárta:

- › ainm an tiománaí;
- › uimhir cheadúnais an tiománaí; agus
- › dáta éaga an cheadúnais tiománaí.

Tá Cártaí Aitheantais Tiománaí corcra agus buí i bhfeidhm.



FEITHICIL CHEADÚNAITHE A AITHINT

Tá Diosca Dobhearnaithe Ceadúnais ar taispeáint ar na fuinneoga cúil agus tosaigh. Léiríonn an diosca:

- › uimhir cheadúnais na feithicle;
- › cláruimhir na feithicle;
- › líon na bpaisinéirí atá ceadaithe san fheithicil faoin gceadúnas; agus
- › dáta éaga cheadúnas na feithicle.



Seiceáil an bhfuil do thiománaí agus an fheithicil cláraithe leis an Údarás Náisiúnta Iompair ach an **aip Driver Check** a úsáid. Is féidir leat an aip a íoslódáil saor in aisce ó Apple App Store nó ó Google Play Store.

Tá freagracht ar an Údarás Náisiúnta Iompair as na feithicilí atá á dtiomáint a cheadú agus tá freagracht ar an nGarda Síochána as ceadúnais tiomána a eisiúint.



GLAOCH ÉIGEANDÁLA 112

TFI

TRANSPORT
FOR
IRELAND

Faightear ceadúnas limisín ón Údarás Náisiúnta Iompair. Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil le 0818 064 000 taxis@nationaltransport.ie www.TransportforIreland.ie

